
# 18 Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**18.1** Bunaíodh Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann (an Chomhairle Fhioscach), faoin Acht um Fhreagracht Fhioscach 2012 (an tAcht), chun measúnuithe neamhspleácha ar phleananna agus ar réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais a sholáthar agus eolas a chur ar fáil don phlé poiblí faoi cheisteanna eacnamaíocha agus fioscacha.

**18.2** Is iad seo a leanas freagrachtaí reachtúla na Comhairle Fioscaí

- na réamhaisnéisí oifigiúla atá curtha i dtoll a chéile ag an Roinn Airgeadais (an Roinn) san earrach agus san fhómhar gach bliain a mheas[1]
- a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil seasamh fiosach an Rialtais fabhrach do bhainistíocht stuama eacnamaíoch agus bhuiséadach lena n-áirítear trí thagairt do Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an AE[2]
- faireachán agus measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil riocht ginearálta buiséadach an rialtais ar cothrom nó ar barrachas, nó ag gluaiseacht ag luas sásúil i dtreo an choinníll sin (an 'riail bhuiséadach' mar atá leagtha amach san Acht), agus a mheasúnú cibé an bhfuil nó nach bhfuil aon neamhchomhlíonadh mar thoradh ar imthosca eisceachtúla[3]
- Na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha atá ullmhaithe ag an Roinn a fhormhuiniú, de réir mar is dóigh leis is cuí, ar a bhfuil na nuashonruithe ar an gclár buiséid agus cobhsaíochta bunaithe.[4]

**Fíor 18.1 Feidhmeanna Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann**




Foinse: Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

1 De réir an Achta, is éard atá i gceist le 'réamhaisnéisí oifigiúla' na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais chun críocha na pleanála fioscaí.

2 Is creat bunaithe ar rialacha é an Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis chun beartais fhioscacha náisiúnta san AE a chomhordú.

3 Faoin Acht, áirítear in 'imthosca eisceachtúla' tréimhse ina dtarlaíonn géarchor chun donais san eacnamaíocht nó teagmhas neamhghnách (nach bhfuil neart ag an Rialtas air) a bhfuil tionchar ollmhór aige ar riocht buiséadach an Rialtais.

4 Tá comh-mheabhrán tuisceana idir an Chomhairle agus an Roinn ag tacú leis an bpróiseas formhuinithe.

## Cuntais Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**18.3** Is é Cathaoirleach na Comhairle Fioscaí an t-oifigeach atá cuntasach in ullmhú agus cur i láthair a ráiteas airgeadais chun críche a n-iniúchta. Faoin Acht, ceanglaítear ar an gComhairle Fhioscach cuntais a choimeád maidir le fáltais agus caiteachas san fhoirm atá faofa ag an Aire Airgeadais (an tAire)[1], agus iad a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de thrí mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad. Nuair a bhíonn an t-iniúchadh críochnaithe, caithfear cóip de na cuntais agus den tuarascáil iniúchta a thabhairt don Aire, a chaithfidh iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**18.4** Go leithleach, ceanglaítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna atá curtha i gcuntas ag an gComhairle Fhioscach gach bliain. Is é seo an tuarascáil le haghaidh 2019.

**18.5** Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Comhairle Fioscaí le haghaidh 2019, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an 22 Meán Fómhair 2020.

**18.6** Tá mé sásta go dtugtar léargas fíorcheart sna cuntais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle ag deireadh 2019, agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain.

## Ballraíocht agus soláthar foirne

**18.7** Leagtar amach san Acht go mbeidh an Chomhairle Fhioscach comhdhéanta de chúigear ball Comhairle (an Chomhairle), an Cathaoirleach san áireamh. Is é an tAire a dhéanann na ceapacháin, agus is tréimhse ceithre bliana a bhíonn i gceist leis an téarma oifige de ghnáth. Ní féidir le baill den Chomhairle a bheith ainmnithe ar an gComhairle le haghaidh níos mó ná dhá théarma chomhleanúnacha.

**18.8** Bhí trí fholúntas sa Chomhairle in 2019, i ndiaidh dul in éag théarmaí na mball faoi seach. Cheap an tAire beirt chomhaltaí nua i ndiaidh próiseas roghnúcháin oscailte, an bheirt chomhaltaí le haghaidh tréimhse ceithre bliana, le héifeacht ón 18 Aibreán 2019 agus an 1 Eanáir 2020. Ar leithligh, tháinig deireadh le téarma an Chathaoirligh ar an 31 Nollaig 2019. D'fheidhmigh duine de bhaill na Comhairle, an tUasal Sebastian Barnes sa ról go dtí gur ceapadh mar Chathaoirleach é ar an 22 Iúil 2020. Tá tús curtha leis an bpróiseas a bhaineann leis an bhfolúntas fágtha a fhógairt.

**18.9** Ag deireadh 2019, bhí an Chomhairle ag fáil tacaíochta ó sheachtar ball foirne, seisear eacnamaithe agus riarthóir.

## Maoiniú

**18.10** Tá an Chomhairle Fhioscach á maoiniú ó Phríomh-Chiste an Státchiste, faoi réir mhéid na 'teorann' bliantúla boilsciú-innéacsaithe.[2] Bhí an teorainn mhaoinithe le haghaidh 2019 cothrom le €829,000 (2018: €822,500).[3]

**18.11** Bhí caiteachas na Comhairle Fioscaí cothrom le beagán le cois €815,000 in 2019 (2018: €775,000) san iomlán, agus bhain 53% (2018: 53%) de seo le costais tuarastail. Bhain an ghné is mó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle Fioscaí le táille riaracháin atá iníoctha leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) i ndáil le costais chóiríochta oifige agus seirbhísí tacaíochta in 2019 a bhí cothrom le beagán níos mó ná €136,000 (2018: €113,000) san iomlán.


1 Tá ráitis airgeadais na Comhairle ullmhaithe de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS)102.

2 Forálann mír 9 den sceideal leis an Acht don fhoinse mhaoinithe mar aon le leibhéal bonnlíne an chaiteachais don Chomhairle ar thosach feidhme (an 31 Nollaig 2012) a shocrú ag €800,000.

3 Chuir an Roinn Airgeadais *Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí* na Príomh-Oifige Staidrimh i bhfeidhm agus an teorainn á cinneadh d'aon bhliain ar bith.

**18.12** In 2019, bhí caiteachas na Comhairle Fioscaí gar don uasmhéid a bhforáiltear dó san Acht (féach ar Fhíor 18.2).

**Fíor 18.2 Achoimre airgeadais Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann, 2013 go dtí 2019**




Foinse: Ráitis airgeadais bhliantúla Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**18.13** Bhí táillí agus speansais a tabhaíodh i ndáil le baill na Comhairle le haghaidh 2019 cothrom le €83,500 (2018: €87,000). Íocadh táillí i ndáil le triúr ball le heagraíochtaí a bhfostóirí (earnáil phoiblí nó idirnáisiúnta), seachas leis na daoine lena mbaineann.[1] Léiríonn speansais a íocadh le (nó i leith) baill na Comhairle costais taistil agus chothaithe a thabhaigh baill idirnáisiúnta agus baill atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bhí ag freastal ar chruinnithe de chuid na Comhairle (a reáchtáiltear i mBaile Átha Cliath) agus ar imeachtaí thar lear.

**18.14** In 2019, d'aithin an Chomhairle Fhioscach costais sochair scoir de bheagán le cois €84,000 (2018: €77,000). Tá dhá scéim aoisliúntais a reáchtáil ag an gComhairle Fhioscach dá baill foirne.

- Is é Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair) an scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Tá seisear ball foirne incháilithe le haghaidh sochair scoir faoin Scéim Aonair.

- Tá cead faighte ag an gComhairle Fhioscach ón Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun scéim pinsin 'eiseamláireach' a fheidhmiú ar bhonn riaracháin chun críche sochair aoisliúntais a chur ar fáil do bhaill foirne a earcaíodh chuig an tseirbhís phoiblí sular tugadh an Scéim Aonair isteach. Tá ball foirne amháin ag glacadh páirte sa scéim eiseamláireach.


1 De réir an phrionsabail duine-amháin-tuarastal-amháin, ní fhaigheann baill den Chomhairle ar fostaithe de chuid comhlachtaí poiblí eile iad táillí i ndáil leis an tseirbhís a sholáthraíonn siad don Chomhairle.

## Gníomhaíocht na Comhairle Fioscaí

**18.15** Táirgeann an Chomhairle roinnt aschur bliantúil mar fhreagairt ar aschuir ón Roinn. Tá léargas ar na haschuir seo le fáil i bhFíor 18.3. Lena chois sin, tá roinnt tuarascálacha agus páipéar neamhreachtúil curtha i dtoll a chéile ag an gComhairle Fhioscach (féach ar Iarscríbhinn 18A).

**18.16** Faoi mhír 11 den sceideal leis an Acht, is féidir Cathaoirleach na Comhairle a thabhairt os comhair Coiste de chuid ceachtar de Thithe an Oireachtais chun feidhmiú fheidhmeanna na Comhairle Fioscaí a mhíniú. Tugadh an Chomhairle os comhair an Choiste um Maoirseacht. Bhuiséadach ar thrí ócáid ar leith i rith 2019.

**Fíor 18.3 Aschuir Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Foilsíonn an Roinn ráiteas eacnamaíoch samhraidh i Meitheamh/Iúil freisin. Bunaíodh an ráiteas seo mar chuid den phróiseas athchóirithe buiséid.

b Foilsítear an ráiteas seo i Meán Fómhair gach bliain agus áirítear ann, inter alia, an ráiteas eacnamaíoch samhraidh.

## Piarmheasúnú

**18.17** I Meitheamh 2020, de réir a plean straitéiseach 2020 – 2022, choimisiúnaigh an Chomhairle an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) chun meastóireacht sheachtrach a reáchtáil chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na Comhairle Fioscaí i ndáil lena sainchúram faoin Acht, a struchtúir rialachais, cé chomh héifeachtach is a roinntear eolas faoina cuid oibre agus tionchar a cuid oibre. Tá an t-athbhreithniú á dhéanamh i láthair na huaire.

## Iarscríbhinn 18A Tuarascálacha neamhreachtúla Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**Fíor 18A.1 Tuarascálacha neamhreachtúla Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann, 2016 go dtí Iúil 2020**

| | |
|---|---|
| **2016** | **Nótaí anailíseacha** |
| | Caipiteal Poiblí: Infheistíochtaí, Stoic agus Dímheas |
| | Dúshláin a bhaineann le Cáin Chorparáide na hÉireann a Réamhaisnéisiú |
| **2017** | **Páipéir oibre** |
| | Réamhaisnéisí Gearrthéarmacha maidir le Geilleagar na hÉireann a chur i dtoll a chéile |
| **2018** | **Páipéir oibre** |
| | Meastachán ar Bhearna Aschuir na hÉireann |
| | Ciste Lá Báistí a dhearadh a oibreoidh laistigh de na Rialacha Fioscacha |
| | Tuar reatha chun Athbhreithnithe Sonraí a Thuar |
| | **Nótaí anailíseacha** |
| | 'Teasléaráid Déine' chun Faireachán a dhéanamh ar Éagothroime i nGeilleagar na hÉireann |
| | **Tuarascálacha eile** |
| | Cás faoi Choinníollacha nach Leasófar do Chaitheamh Rialtais sa Mheántéarma 2019 – 2023 |
| **2019** | **Páipéir oibre** |
| | Iolraitheoirí Caithimh na hÉireann |
| | An Cuntas Reatha: Comhartha Fíor-ama ar Éagothroime Eacnamaíoch nó Athradharc 20/20? |
| | Meastachán ar Leaisteachais Chánach na hÉireann: Cur Chuige Beartas-Choigeartaithe |
| | I dtreo lárphointe: cúrsaí imirce in Éirinn a réamh-mheas |
| | **Nótaí anailíseacha** |
| | Meastachán ar Leath-Leaisteachais Buiséadacha na hÉireann |
| | **Tuarascálacha eile** |
| | Cás faoi Choinníollacha nach Leasófar do Chaitheamh Rialtais 2020 – 2023 |
| **2020** | **Tuarascálacha eile** |
| | Tuarascáil maidir le inbhuanaitheacht fhadtéarmach |

Foinse: Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann